

# Ard-Mhúsaem na hÉireann

---

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003  
Scéim Teanga 2017-2020

---

## Clár

<b>Caibidil 1 - Réamhrá agus Cúlra</b>	<b>3</b>
<b>1.1 Treoirlínte/Ullmhú na Scéime</b>	<b>3</b>
<b>1.2 Dáta thosach feidhme na Scéime</b>	<b>3</b>
<b>1.3 Léargas ginearálta ar Ard-Mhúsaem na hÉireann</b>	<b>4</b>
<b>1.3.1 Sainordú</b>	<b>4</b>
<b>1.3.2 Misean agus Spriocanna</b>	<b>5</b>
<b>1.3.3 Custaiméirí agus Cliaint</b>	<b>6</b>
<b>1.3.4 Réimsí Feidhme an Mhúsaem</b>	<b>6</b>
<b>Caibidil 2 - Ag Déanamh Cumarsáide leis an bPobal</b>	<b>8</b>
<b>2.1. Na Seirbhísí Dátheangacha atá ann</b>	<b>8</b>
<b>2.2. Na Seirbhísí atá ann i nGaeilge</b>	<b>9</b>
<b>Caibidil 3 - Na Gealltanais atá sa Scéim</b>	<b>11</b>
<b>Caibidil 4 - Monatóireacht agus Athbhreithniú</b>	<b>16</b>
<b>Caibidil 5 - An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú</b>	<b>16</b>

## 1. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

D'ullmhaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann an scéim seo de réir Alt 11 d'*Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003* ("an tAcht").

Forálann Alt 11 d'ullmhú Scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ina sonrúidh siad na seirbhísí a sholáthrúidh siad agus na bearta a bheidh le glacadh chun cinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

### 1.1 Treoirínite/Ullmhú na Scéime

Forálann Alt 12 den Acht d'ullmhú treoirínite ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo dréachtscéimeanna a ullmhú. Táthar tar éis an Scéim seo a dhréachtú ag féachaint go cuí do na treoirínite sin.

Táthar tar éis an Scéim a chur i dtoll a chéile agus na haighneachtaí a fuarthas trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus tuairimí agus moltaí na foirne á gcur i gcuntas. Bhí lámh ag Grúpa Oibre, ar a raibh ionadaithe as raon de réimsí feidhme an Mhúsaem, i ndréachtú na Scéime. Mheas an Grúpa Oibre freisin an t-éileamh a bhí ar sheirbhísí i nGaeilge san am a caitheadh.

Rinne an tArd-Mhúsaem measúnú ar an leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil sa dá theanga agus i nGaeilge araon agus, ina theannta sin, rinne sé suirbhé ar inniúlachtaí na foirne ar an teanga agus baineadh úsáid as sin chomh maith chun na riachtanais oiliúna ó thaobh na Gaeilge de a fháil amach. Bunófar an t-ardú atá beartaithe ar an leibhéal seirbhíse air seo. Tá ábhar idirphearsanta agus clóite ar fáil, agus ina theannta sin lainseáladh leagan athdheartha de shuíomh gréasáin an Mhúsaem an 20ú Samhain, 2015 agus cuireadh lear mór ábhar Gaeilge leis.

### 1.2 DÁTA THOSACH FEIDHME NA SCÉIME

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim le héifeacht ón 1ú Aibreain, 2017 agus beidh feidhm léi ar feadh thréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## 1.3 LÉARGAS GINEARÁLTA AR ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN

### 1.3.1 SAINORDÚ

Tháinig Ard-Mhúsaem na hÉireann ar an bhfód le hachtú *The Dublin Science and Art Museum Act, 1877*. Mar thoradh air seo aistríodh foirgnimh agus bailiúcháin Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (R.D.S.) go dtí úinéireacht an stáit. Cuireadh tuilleadh leo seo nuair a aistríodh bailiúcháin shuntasacha eile ó institiúidí ar nós Acadamh Ríoga na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Músaem Eolaíochta agus Ealaíne Bhaile Átha Cliath an t-ainm a bhíodh air ach tugadh Ard-Mhúsaem na hÉireann air go luath san fhichiú haois.

Cúig cinn de shuíomhanna músaem astu féin atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann sa lá atá inniu ann: Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath; Ard-Mhúsaem na hÉireann - Na hEalaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath; Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath; Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo agus Ard-Mhúsaem na hÉireann - Lárionad Acmhainní Bailiúchán, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

An 3 Bealtaine, 2005 faoin *Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997*, tháinig an tArd-Mhúsaem chun bheith ina chomhlacht corpraithe faoi stiúir Boird arna cheapadh ag an Aire Ealaíon, Spórt agus Turasóireachta. Faoin Acht, tá freagrachtaí áirithe ar an mBord i ndáil leis an nGaeilge, i.e.

Faoi alt 11(2) (L) den *Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997*, ceann de na cumhachtaí atá ag an mBord chun cur ar a chumas a fheidhmeanna a chur i gcrích faoi alt 11, is ea an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn i bhfeidhmiú a fheidhmeanna dó.

I ndáil le ceapacháin foirne ag an mBord, forálann alt 30(1) den Acht do líon leordhóthanach de bhail foirne a bheith inniúil ar an nGaeilge ionas go gcuirfear seirbhís ar fáil i nGaeilge chomh maith le seirbhís a chur ar fáil i mBéarla. Cuireann an tArd-Mhúsaem seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge i ngach ceann dá réimsí oibre. I gcaitheamh thréimhse na Scéime seo, beidh ardú suntasach ar an leibhéal seirbhíse Gaeilge a sholáthrófar, go háirithe sa mhéid a bhainfidh le hábhar ar líne agus le hábhar idirghníomhach.

Forálann alt 36(1) den Acht go mbeidh an tuarascáil bhliantúil atá le hullmhú agus le cur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag an mBord i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Is iomaí gné a bhaineann le ról Ard-Mhúsaem na hÉireann ach is féidir na gnéithe lárnacha seo a leanas a roghnú mar ghnéithe bunúsacha:

- Oidhreacht iniompartha na hÉireann a shlánchoimeád
- Staidéar ar na nithe atá sna bailiúcháin a éascú
- Eolas faoi na bailiúcháin agus faoi na disciplíní dá seasann siad a scaipeadh

Ach oiread le Forais Chultúir Náisiúnta eile, tá sé mar phríomhfhreagracht ar an Músaem ag an leibhéal náisiúnta a chinntiú go ndéanfar nithe ar scáthán iad ar oidhreacht na hÉireann a choimeád slán. I ndáiríre, is éard atá i gceist leis seo bailiúcháin nithe den sórt sin a chnuasach agus iad a choimeád slán go buan. Is iad na taispeántais an bealach is mó a mbíonn teacht ag an bpobal ar na bailiúcháin. Bíonn nithe ar fáil freisin chun gur féidir le baill foirne an Mhúsaeim nó taighdeoirí staidéar a dhéanamh orthu agus tarlaíonn sé go gcuirtear torthaí an taighde sin ar fáil i bhfoilseacháin, sna meáin chumarsáide nó i bpáipéir acadúla.

### 1.3.2 MISEAN AGUS SPRIOCANNA

I bhfianaise a shainordaithe, is é misean an Mhúsaeim:

*Na cnuasaigh a shealbhaímid ar iontaobhas a bhailiú, aire a thabhairt dóibh, iad a bhainistiú agus a léirmhíniú agus iad a chur ar fáil ionas go mbeidh gach duine in ann inspioráid agus taitneamh a bhaint astu agus foghlaim uathu*

De réir an bhreac-chuntais atá i bPlean Straitéiseach an Ard-Mhúsaeim 2014-2017 is iad na spriocanna:

- A chinntiú go mbeidh ionad tosaíochta ag an Músaem i saol cultúrtha na hÉireann
- Na cnuasaigh náisiúnta a chosaint agus a bheith inrochtana agus a chinntiú go mairfidh siad
- Meon cuspóra coitinn a fhorbairt agus cultúr eagraíochtúil inspreagthach cuimsitheach a chothú

- Glacadh le hathruithe agus samhail a fhorbairt don Mhúsaem a oireann do dhálaí agus dúshláin thús an 21ú aois

### 1.3.3 CUSTAIMÉIRÍ AGUS CLIAINT

I ndeireadh na dála, bíonn tionchar ag an soláthar seirbhísí agus ag torthaí na mbeartas agus na straitéisí a dtugann an Músaem fúthu ar mhustar mór daoine. Is iad seo a leanas go príomha atá ina gcliaint agus ina gcustaiméirí ag an Músaem:

- An Pobal i gcoitinne
- Turasóirí ó Thíortha thar Lear agus Turasóirí Baile
- Cuairteoirí ar Speisialtóirí iad
- Taighdeoirí
- Grúpaí le Riachtanais Speisialta
- Teaghlaigh
- Earnáil an Oideachais Fhoirmiúil (Bunscoileanna go Triú Leibhéal)
- Earnáil an Oideachais Neamhfoirmiúil
- Úsáideoirí ar líne

### 1.3.4 RÉIMSÍ FEIDHME AN MHÚSAEIM

Is iad seo réimsí feidhme an Mhúsaem:

- An Stiúrthóireacht
- Rannán na nOibríochtaí

- Acmhainní Daonna
- Airgeadas
- Teicneolaíocht na Faisnéise
- Gnóthaí Corparáideacha
- An Rannóg Margaíochta
- An Rannóg Saoráidí

■ An Rannán Bailiúchán agus Foghlama

- An Rannán Ealaíne agus Tionscail
- Rannán na Seaniarsmaí Éireannacha
- Rannán Shaol Tuaithe na hÉireann
- Rannán Stair an Dúlra
- An Rannóg Caomhnaithe
- An Rannóg Clárúcháin
- An Rannóg Oideachais agus For-rochtana
- An Rannóg Grianghrafadóireachta
- An Rannóg Deartha

Gheofar tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí an Mhúsaeim ar shuíomh gréasáin an Mhúsaeim - [www.museum.ie](http://www.museum.ie).

## 2 AG DÉANAMH CUMARSÁIDE LEIS AN BPOBAL

Tá an Músaem tar éis tabhairt faoi mheasúnú ar na modhanna éagsúla den chumarsáid scríofa leis an bpobal atá in úsáid ar fud an Mhúsaem. Tugtar iad sin anseo thíos.

### 2.1 Na Seirbhísí Dátheangacha atá ann

Faoi láthair, tá líon áirithe seirbhísí á gcur ar fáil ag Ard-Mhúsaem na hÉireann i nGaeilge agus go dátheangach.

Is iad seo a leanas na seirbhísí a chuirtear ar fáil i leaganacha dátheangacha:

#### Clóite / Leictreonach:

Tuarascálacha Bliantúla

Plean Straitéiseach Ard-Mhúsaem na hÉireann 2014-2017

Formhór na dtéacsanna le haghaidh phainéil agus lipéid na mbuantaispeántas

Lipéid le haghaidh na dtaispeántas sealadach más istigh san Ard-Mhúsaem a réitítear iad

Formhór na gcomharthaí treoshuímh

Bróisiúir / bileoga taispeántais áirithe

Treoirleabhar le haghaidh gach aon cheann de na ceithre mhúsaem

Cártaí poist reatha agus cártaí beannachta

Páipéarachas Ceannchlóite an Mhúsaem

Cuirí chuig seoltaí taispeántas agus chuig ócáidí an Mhúsaem

Bróisiúir na Músaem Ainmnithe



Cártaí gnó

An gnáthshéanadh ar chumarsáid ríomhphoist

### **Idirphearsanta:**

Fógraí faoi dhúnadh i Músaem Shaol na Tuaithe, Sráid Chill Dara agus Dún Uí Choileáin

Teachtaireachtaí glórphoist na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu

Roinnt ceardlann ar an scéalaíocht

Cainteanna poiblí i gcaitheamh Sheachtain na Gaeilge

## **2.2 Seirbhísí atá ann i nGaeilge**

Is iad seo a leanas na seirbhísí a chuirtear ar fáil astu féin i nGaeilge:

### **Clóite / Leictreonach:**

Plean urláir gach suímh sna bróisiúir do na cuairteoirí

Na treoirleabhair le haghaidh gach aon cheann de na ceithre shuíomh

Freagraítear an comhfhreagras sa teanga a bhí sa chéad chomhfhreagras

Fógraí earcaíochta le haghaidh poist bhuana

Foirmeacha iarratais ar cheadúnais chun réada seandálaíochta a athrú nó chun réada seandálaíochta a easpórtáil

Ceadúnais chun réada seandálaíochta a athrú nó chun réada seandálaíochta a easpórtáil arna eisiú ag Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004*

Gearrchuntas ar *Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Arna Leasú) 1994*

Foirmeacha Comhairliúcháin maidir leis an Leabharlann agus an Chartlann (Músaem Shaol na Tuaithe)

Roinnt bileog faoi Fhionnachtana agus faoi Ghníomhaíochtaí

Tá Pacáistí Comhéadain Teanga le haghaidh leaganacha Gaeilge de Windows XP ar fáil do bhaill uile na foirne.

### 3 NA GEALLTANAIS ATÁ SA SCÉIM

Tugtar anseo thíos na gealltanais atá á dtabhairt ag an Músaem i ndáil leis an bhforbairt ar an mbeartas seirbhíse don Ghaeilge fad is a mhairfidh an Scéim seo:

Clóite / Leictreonach	Rannán/Rannóg	Gealltanais
Suíomh Gréasáin	Oibríochtaí - TFC	Táthar tar éis obair athfhorbartha agus deartha a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus lainseáladh é an 20ú Samhain, 2015.  Beidh an t-ábhar statach go léir sa dá theanga taobh istigh de <b>thrí mhí</b> ó thosach feidhme na Scéime.  Áireofar Féilire na nImeachtaí leis seo agus beidh an t-ábhar statach ann sa dá theanga.
Treoirleabhair	Bailiúcháin agus Foghlaim	Foilseofar na treoirleabhair a bheidh ann amach anseo go dátheangach nó ina bhfoilseacháin Ghaeilge astu féin ag brath ar an bhfoilseachán.
Fógraí earcaíochta le haghaidh poist bhuna	Oibríochtaí - Gnóthaí Corparáideacha	Beidh leagan Gaeilge thuas ar an suíomh gréasáin <b>ó thús na Scéime</b> .
Mórdhoiciméid beartais agus foirmeacha	Bailiúcháin agus Oibríochtaí	Leaganacha Gaeilge de bheartais oifigiúla agus d'fhoirmeacha a chur ar fáil taobh <b>istigh d'aon bhliain amháin</b> ó thosach feidhme na Scéime.
Taispeántais Chlosamhairc	Bailiúcháin agus Foghlaim	Beidh na taispeántais chlosamhairc nua sa dá theanga nuair is féidir sin a

	- (An Ceannasáí Taispeántais)	dhéanamh. (Mar shampla, ní chuirfear leagan Gaeilge ar phíosáí scannáin atá i mBéarla.)
Meáin Idirghníomhacha i dTaispeántais	Bailiúcháin agus Foghlaim - (An Ceannasáí Taispeántais)	Beidh na meáin idirghníomhacha do thaispeántais nua sa dá theanga nuair is féidir sin a dhéanamh.
Téacsanna agus painéil le haghaidh na dtaispeántas	Bailiúcháin agus Foghlaim - (An Ceannasáí Taispeántais)	Is é beartas an Ard-Mhúsaem na buantaispeántais nua go léir a bheith sa dá theanga.  Bíonn an chuid is mó de na taispeántais shealadacha a réitítear istigh sa Mhúsaem sa dá theanga freisin, lena n-áirítear an taispeántas, <i>Proclaiming a Republic/Dearbhú na Poblachta</i> , a seoladh le deireanas.
Cuidiú ó T.F.	Oibríochtaí - TFC	Pacáistí seiceálaí litrithe agus comhréire oiriúnacha don Ghaeilge a sholáthar <b>taobh istigh d'aon bhliain amháin</b> ó thosach feidhme na Scéime.
Foirmeacha maidir le Fionnachtain Réada Seandálaíochta	Bailiúcháin agus Foghlaim - Seaniarsmaí na hÉireann	Leagan dátheangach a chur ar fáil tar éis thosach feidhme na Scéime nuair a bheidh an stoc reatha ídithe agus <b>tráth nach déanaí ná mí na Nollag 2017</b> .
Foirm Áirithinte do Ghrúpaí Oideachais	Bailiúcháin agus Foghlaim - Oideachas agus For-Rochtain	Leagan dátheangach a chur ar fáil taobh istigh d' <b>aon bhliain amháin</b> ó thosach feidhme na Scéime.
Bileoga Oibre do Ghrúpaí Oideachais	Bailiúcháin agus Foghlaim	Leaganacha Gaeilge d'aon chuid de na bileoga oibre is mó a mbíonn tóir orthu

	- Oideachas agus For-Rochtain	<p>(agus nach bhfuil i nGaeilge cheana féin) a chur ar fáil, <b>sé mhí</b> ó thosach feidhme na Scéime.</p> <p>Beidh leaganacha Gaeilge d'aon bhileoga oibre nua ar fáil astu féin freisin. Foilseofar an t-ábhar seo mar acmhainn ar líne <b>taobh istigh de shé mhí</b> ó thosach feidhme na Scéime.</p> <p>Rachaimid i gcomhairle le Gaelscoileanna agus le Foras na Gaeilge i ndáil lenár seirbhís Ghaeilge maidir le himeachtaí agus bileoga oibre chun riachtanais phobal na Gaeilge a fháil amach.</p>
Cártaí Nótaí Tráchta na gCustaiméirí	Oibríochtaí - Margáíocht	Leaganacha dátheangacha a fhoilsiú ar líne <b>nuair a bheidh an stoc reatha ídithe.</b>
Preaseisiúintí	Oibríochtaí - Margáíocht	Preaseisiúintí a eisiúint sa dá theanga go comhuaineach <b>ó thosach feidhme na Scéime.</b>

Idirphearsanta	Rannán/Rannóg	Gealltanais
Fáiltiú, treoshuíomh agus slándáil	Oibríochtaí  - Saoráidí	<p>Tabharfaidh an teileafónaí ainm an chomhlachta amach i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirfear cúrsa sna scileanna teanga iomchuí ar fáil do bhaill foirne an mhalartáin.</p> <p>Is baill foirne ar freastalaithe iad a oibríonn mar fhoireann fáiltithe sa Mhúsaem agus oibríonn siad de réir róta. Tabharfar treoracha dóibh maidir le déileáil le fiosruithe i nGaeilge agus cuirfear liosta ar fáil dóibh de bhaill foirne a bheidh sásta ceisteanna ó bhéal a fhreagairt i nGaeilge. I gcás nach mbeidh fáil ar bhall foirne a labhraíonn Gaeilge cuirfear foirm fiosraithe dhátheangach ar fáil chun gníomhú ar an bhfiosrú.</p> <p>Cuirfear cúrsaí Gaeilge ar fáil don fhoireann fáilteachais.</p>
Oiliúint Ghaeilge don Fhoireann.	Oibríochtaí  - Acmhainní Daonna  - Gach Rannán / Rannóg	<p>Maidir le baill foirne a mbeidh fonn orthu a gcumas Gaeilge a fheabhsú, cuirfear cúrsa oiliúna oiriúnach i nGaeilge ar fáil dóibh <b>taobh istigh de thrí mhí</b> ó thosach feidhme na Scéime. Cuirfear cumas Gaeilge i gcuntas nuair a bheidh beartas earcaíochta á chur le chéile in 2017.</p> <p>Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir leis an soláthar seirbhísí a bheith níos fearr i nGaeilge, aimseoidh Ard-Mhúsaem na hÉireann, <b>faoi dheireadh na chéad bhliana</b> den Scéim, cibé poist a mbeidh inniúlacht ar Ghaeilge ina bunriachtanas lena n-</p>

		aghaidh. Déanfar gach iarracht na riachtanais seo a bheith comhlíonta faoi dheireadh na Scéime seo ag féachaint do bheartais i ndáil le hearcaíocht, le hardú céime agus le hoiliúint, de réir mar is cuí. Cuirfidh sé seo ar chumas Ard-Mhúsaem na hÉireann an phleanáil a dhéanamh agus tosaíocht a thabhairt i dtaca leis na seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú céim ar chéim ar bhealach níos straitéisí.
Turais threoraithe	Bailiúcháin agus Foghlaim - Oideachas agus For-Rochtain	Taobh istigh <b>d'aon bhliain amháin</b> ó thosach feidhme na Scéime ceapfar Treoraí Turais a bheidh inniúil ar an nGaeilge, agus a oibreoidh go neamhspleách agus ar bhonn táille áirthíochta, le haghaidh na suíomhanna i mBaile Átha Cliath. Bhí inniúlacht ar an nGaeilge ar cheann de na critéir a bhain le ceapachán na gcúntóirí oideachais in 2015. Cuirfear triúr ar a laghad de na cúntóirí oideachais faoi oiliúint i nGaeilge chun feabhas a chur ar an inniúlacht atá acu cheana ar sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Scaipfidh an Músaem eolas ar na Gaelscoileanna agus ar eagraíochtaí Gaeilge faoi thurais a bheith ar fáil i nGaeilge.
Cainteanna Poiblí	Bailiúcháin agus Foghlaim - Oideachas agus For-Rochtain	Beidh cainteanna I nGaeilge ar siúl i gcaitheamh Sheachtain na Gaeilge.
Fógraí faoi dhúnadh sna suíomhanna go léir.	Oibríochtaí - Saoráidí	Go dátheangach, <b>sé mhí</b> ó thosach feidhme na Scéime.
Cláir Oideachais don Phobal.	Bailiúcháin agus Foghlaim	Leanfar de na ceardlanna scéalaíochta ócáideacha i nGaeilge / sa dá theanga.

	- Oideachas agus For-Rochtain	Cuirfear leaganacha Gaeilge de na hacmhainní oideachais ar líne do dhaltaí agus do mhúinteoirí ar fáil taobh istigh d' <b>aon bhliain amháin</b> ó thosach feidhme na Scéime. Cinnfear na hacmhainní a bheidh le haistriú tar éis dul i gcomhairle le Gaelscoileanna agus le Foras na Gaeilge faoin éileamh.
--	-------------------------------	--

## 4 MONATÓIREACHT AGUS CUR I NGNÍOMH

Is faoi Chinn na Rannán nó na Rannóg a bheidh feidhm mhonatóireachta agus chur i ngníomh na Scéime ó lá go lá maidir leis na réimsí ar leith as a bhfuil siad freagrach. Is oifigeach a bheidh le ceapadh go lárnach a dhéanfaidh an mhonatóireacht thréimhsiúil.

## 5 AN SCÉIM CHOMHAONTAITHE A FHOILSIÚ

Is iad seo a leanas na modhanna a bhfógrófar ábhar na Scéime seo:

- Preaseisiúint
- Fógra poiblí go bhfuil an Scéim ar fáil
- Scaipeadh ar na comhlachtaí iomchuí agus
- An Suíomh Gréasáin

Seoladh cóip den Scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.